Co-funded by the Erasmus+ Programme of the European Union

ЦЕНТЪР ЗА РАЗВИТИЕ НА ЧОВЕШКИТЕ РЕСУРСИ

ЦЕНТЪР ЗА ПРОФЕСИОНАЛНО ОБУЧЕНИЕ ИНФОЦЕНТЪР

TECHNOLOGY-ENHANCED Social Entrepreneurship Training based on Content and Language Integrated Learning

2015-1-BG01-KA202-014337

With the support of the ERASMUS+ PROGRAMME of the European Union

AN DARA CRUINNIÚ TRASNÁISIÚNTA TIONSCADAIL SET2CLIL

Bhí Fundatia Professional ina óstach don dara cruinniú trasnáisiúnta Tionscadail SET2CLIL an 23 – 24 Meitheamh in Targu Mures, an Romáin.

Díríodh ar an gcéad aschur intleachtúil tionscadail atá curtha ar fáil – an **Curaclam SET2CLIL**. Rinneadh plé ar struchtúr, ábhar agus na prionsabail a bheidh taobh thiar d'fhorbairt an churaclaim - spriocanna, spriocghrúpaí, ábhar modúlach, fócas agus fad na modúl. Chuir taithí agus saineolas na gcomhpháirtithe, ar daoine iad atá ag obair ag leibhéil éagsúla san earnáil oiliúna/oideachais, le forbairt a leithéid de churaclam. D'fhág sé sin gur ceapadh cúrsa oiliúna éifeachtach a chinnteodh go bhfaighidh na rannpháirtithe scileanna agus inniúlachtaí atá bailí ag leibhéal na hEorpa.

Ghlac na comhpháirtithe, arb as an Bmulgáir, an Romáin, an Tuirc, an Spáinn agus Poblacht na hÉireann iad, páirt i seisiúin le múinteoirí áitiúla agus le múinteoirí dátheangacha, agus le daoine óga a bhfuil suim acu gabháil le fiontraíocht shóisialta. Bhí comhphlé ann ina dhiaidh sin faoin bhfiontraíocht shóisialta mar dheis do dhaoine óga agus faoi na dúshláin a bhaineann le CLIL. Roinn na rannpháirtithe a dtaithí agus a ndea-chleachtais.